Bord na Móna Cpt

# Réitigh Aeráide á Seachadadh

## Nuashonrú Inbhuanaitheachta 2023

Bord na Móna



Nuashonrú Inbhuanaitheachta Bhord na Móna 2023

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá - Tom Donnellan, Príomhfheidhmeannach | 3 |
| Réamhrá - John MacNamara, Ceannasaí - Inbhuanaitheacht Chorparáideach | 4 |
| Méadrach 1 Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT) | 6 |
| Méadrach 2 Éifeachtúlacht Fuinnimh | 7 |
| Méadrach 3 Giniúint Fuinnimh Ghlain | 8 |
| John Reilly, Ceannasaí - Athnuaiteáin | 10 |
| Méadrach 4 Bithéagsúlacht | 12 |
| Méadrach 5 Athshlánú Tailte Portaigh | 14 |
| Ger Breen, Ceannasaí - Talamh agus Gnáthóga | 16 |
| Méadrach 6 Athchúrsáil | 18 |
| Cormac Manning, Ceannasaí - Athchúrsáil | 20 |
| Méadrach 7 Folláine Fostaithe | 22 |
| Méadrach 8 Rannpháirtíocht sa Phobal agus Tairbhe | 24 |
| Sharon Doyle, Ceannasaí - Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha - Luasaire Glas | 26 |





# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



> "Is é Bord na Móna an phríomhchuideachta um Réitigh Aeráide in Éirinn inniu agus táimid ag cabhrú le hÉirinn a aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach faoi 2050."

Le bliain anuas, bhí Bord na Móna ag leanúint ar aghaidh le haistear ar cuireadh tús leis an Straitéis Donn go Glas in 2018. Inniu, is í ár straitéis a bheith ag feidhmiú mar an phríomhchuideachta um Réitigh Aeráide in Éirinn agus cabhrú le hÉirinn a aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach faoi 2050.

Tá forléargas le fáil sa Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo ar ár gcuid iarrachtaí déileáil leis na dúshláin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (CSR) is suntasaí san aois seo. Déantar cur síos ann ar na tionscnaimh, na gníomhartha agus na garspriocanna atá curtha i gcrích againn chun ár ngnó a aistriú agus chun réitigh inbhuanaithe a chur ar fáil ionas go mbeidh an saol níos fearr amach anseo agus is fianaise iad go bhfuil Bord na Móna anois ag díriú ar rudaí eile seachas móin.

**I measc na samplaí nithiúla de thionscnaimh Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais Bhord na Móna tá,**

- Tá astaíochtaí Dé-ocsaíde Carbóin ($CO_2$) agus Gás Ceaptha Teasa (GCT) na cuideachta laghdaithe breis is 82% ó 2018 agus táthar ag súil go laghdófar iad tuilleadh sa bhliain amach romhainn.
- I mbliana tugadh garsprioc shuntasach faoi deara – sháraigh Bord na Móna, den chéad uair riamh, giniúint breis is 1 uair Teireavata (1 mhilliún uair Mheigeavata) de leictreachas in-athnuaite.
- I rith na bliana airgeadais seo, athshlánaíodh breis is 15,600 acra mar chuid de Scéim um Ghníomhú ar son na hAeráide na dTailte Portaigh agus ar thailte tríú páirtí, agus táthar ag súil le leibhéil chosúla d'athshlánú tailte portaigh as seo go ceann bliana freisin.
- Le cois urraíocht áitiúil a chur ar fáil, chuir Bord na Móna breis is €4.5 milliún ar fáil go díreach, le 6 bliana anuas, do chistí Leasa Pobail ar fud na tíre.
- Thacaigh tionscnamh Luasaire Glas Bhord na Móna le 25 cuideachta chun forbairt a dhéanamh agus feidhmiú mar cheannairí chomh fada is a bhaineann le hearraí agus le seirbhísí inbhuanaithe a sholáthar.
- Tá aitheantas tugtha d'iarrachtaí na cuideachta chun tionscnaimh éagsúlachta, chomhionannais agus ionchuimsithe (ÉCI) a fhorbairt – bhronn Ionad um Éagsúlacht na hÉireann an gradam airgid 'Infheisteoirí Éagsúlachta' ar an gcuideachta.
- Rinne an struchtúr rialachais dul chun cinn suntasach i rith na bliana freisin – 50:50 fir agus mná ar an mBord Stiúrthóirí.

Tuigeann an Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach agus an Bord go mbeidh tuairisciú agus nochtuithe CSR éigeantacha ag dul i méid agus ag forbairt sna blianta amach romhainn, agus tá an chuideachta ag infheistiú in acmhainní agus i mbonneagar chun déileáil leis na dúshláin sin.

Is mian liom buíochas a ghabháil lenár bhfostaithe, baill Bhoird, comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara díograiseacha a raibh ról lárnach acu inár n-aistear inbhuanaitheachta. Cabhraíonn a dtacaíocht, spreagadh agus iarracht chomhchoiteann leanúnach linn todhchaí a fhorbairt ina nglacfar le cleachtais inbhuanaithe mar fhreagracht chomhchoiteann seachas mar rogha.

**Tom Donnellan**
Príomhfheidhmeannach

# John MacNamara
# Ceannasaí – Inbhuanaitheacht Chorparáideach



> "Fáiltíonn Bord na Móna roimh níos mó cuntasachta i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta agus tá céimeanna á gcur i gcrích aige chun an tslí a ndoiciméadaítear a spriocanna, gníomhartha agus dul chun cinn ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do chách, a fheabhsú."

Tá neart airde tarraingthe ar aistear Bhord na Móna, 'Donn go Glas', agus ar na hiarrachtaí aistriú ó ghnó atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise traidisiúnta go dtí cuideachta réiteach aeráide, chun cabhrú le hÉirinn a bheith aeráidneodrach faoi 2050.

Tríd an aistriú seo, beidh Bord na Móna ag feidhmiú mar chuideachta a bhfuil sé mar aidhm aici brabús a dhéanamh as a gníomhaíochtaí tráchtála. Ní mór, áfach, go mbeadh an brabús sin inbhuanaithe agus cuntasach go fadtéarmach, ionas gur féidir linn leanúint ar aghaidh le breithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí níos ginearálta agus ar thionchar ár ngníomhartha.

Ag an am céanna, tá páirtithe leasmhara, scairshealbhóirí agus lucht ceaptha beartas, ag iarraidh go mbeidh cuideachtaí cosúil le Bord na Móna in ann sonraí comhshaoil agus fachtóirí sóisialta trasghearrthacha a nochtadh, sa bhreis ar mhéadracht thraidisiúnta a bhaineann le feidhmíocht gheilleagrach.

Le blianta beaga anuas, d'fhoilsigh Bord na Móna faisnéis neamhairgeadais mar chuid dá Thuarascáil Bhliantúil atá ailínithe le ceanglais I.R. Uimh. 360/2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Nochtadh na Faisnéise Neamhairgeadais agus Éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe), 2017, ar a dtugtar TFNA freisin.

Colún lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip é achtú na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC), a chuireann le an TFNA atá forbartha cheana féin. Is é an aidhm atá leis seo ar fad oibleagáidí tuairiscithe cuideachtaí a threisiú agus a leathnú go suntasach.

Tá Bord na Móna airdeallach ar agus fáiltíonn sé roimh uaillmhian TTIC. Is féidir glacadh leis an Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo mar chuid den obair ullmhúcháin chun an reachtaíocht seo a chomhlíonadh nuair a bheidh sí trasuite go dtí dlí na hÉireann. Idir an dá linn, mar aon leis an Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo a ullmhú, tá Bord na Móna ag obair leis an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TNAA) agus tá ailíniú le tionscnaimh Spriocanna Eolaíochtbhunaithe (TSE) á chinntiú.

Níor cheart glacadh, áfach, leis an Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo agus le tuarascálacha inbhuanaitheachta a fhoilseofar amach anseo, mar chleachtaí comhlíontachta. Tá siad deartha chun forléargas córasach agus comhchuibhithe ar na spriocanna, gníomhartha agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an gcuideachta i ndáil le méadracht ar glacadh léi mar mhéadracht neamhthraidisiúnta roimhe seo a sholáthar.

Ní ar bhonn randamach a roghnaíodh an mhéadracht seo. Rinne Bord na Móna Measúnú Ábharthachta dúbailte le baill foirne agus le páirtithe leasmhara chun tionchar an ghnó ar an tsochaí agus ar an timpeallacht a shainaithint, agus tionchar na sochaí agus na timpeallachta ar an ngnó a shainaithint – ar a dtugtar an cur chuige 'taobh amuigh-istigh' agus 'taobh istigh-amuigh'.

Cuireadh an t-aschur ón bpróiseas rannpháirtíochta seo a bhain le hinbhuanaitheacht Chomhshaoil, tionchar Sóisialta agus rialachas Corparáideach (CSR) san áireamh sa mhéadracht a scrúdaíodh sa Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo. Lena chois sin, tá faisnéis tacsanomaíochta agus anailís ar an mbearna phá idir na hinscní le fáil ar shuíomh gréasáin na cuideachta.

Sa Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo, cloistear tuairimí ceannairí sinsearacha as ar fud an ghnó, atá ag seachadadh straitéis tráchtála na cuideachta agus méadracht CSR in oibríochtaí laethúla Bhord na Móna.



Feirm Ghaoithe Chluain Críon áit a bhfuil athshlánú tailte portaigh ar siúl go leanúnach

# Méadrach 1
# Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT)

## Chabhraigh an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise a úsáid inár ngnó fuinnimh agus deireadh a chur le baint mhóna le laghdú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Bhord na Móna.


Is príomhábhar imní CSR don chuideachta é astaíochtaí gás ceaptha teasa Bhord na Móna ar ndóigh. Ailíníonn Bord na Móna íomh a astaíochtaí Raon Feidhme 1, Raon Feidhme 2 agus astaíochtaí ábhartha Raon Feidhme 3 leis an bPrótacal Gás Ceaptha Teasa.

Cuimsítear i Raon Feidhme 1 astaíochtaí ó fhoinsí atá faoi úinéireacht nó á rialú ag an gcuideachta; cuimsítear i Raon Feidhme 2 astaíochtaí a bhaineann go hindíreach le foinsí nach bhfuil faoi úinéireacht nó á rialú ag Bord na Móna; agus cuimsítear i Raon Feidhme 3 an chatagóir ar a dtugtar 'úsáid táirgí díolta'. Tá na sonraí astaíochtaí atá le fáil sa Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo fíoraithe go neamhspleách faoi ISO14064-3.

Ó 2018, tugadh laghdú suntasach faoi deara ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Bhord na Móna, mar a léirítear go soiléir i bhFíor 1. Tá comhghaol idir é sin agus aistriú Bhord na Móna ó úsáid a bhaint as breoslaí iontaise agus as móin a bhaint, go dtí an chuideachta réiteach aeráide, ar ábhar bróid í, atá forbartha againn inniu; cuideachta atá ag leagan níos mó béime ar dhícharbónú, ar athnuaiteáin a mhéadú inár ngnó fuinnimh agus ar athshlánú tailte portaigh.

Léirítear i bhFíor 1, i dtréimhse 6 bliana, gur laghdaíodh astaíochtaí gás ceaptha teasa Bhord na Móna, arna dtomhas mar thonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (tona CO2eq), ó bhreis is 3.4 milliún tona i rith BA18, go dtí faoi 0.6 milliún tona in BA23.

Tá Bord na Móna ag súil le tuilleadh laghdaithe ar astaíochtaí GCT i rith BA24 agus tá pleananna aistrithe á n-ullmhú aige don ghnó ionas gur féidir astaíochtaí aeráidneodracha a chinntiú de réir nó chun tosaigh ar an méid atá sonraithe i mbeartas agus i spriocanna Rialtais.




**Fíor 1** Prótacal GCT - Astaíochtaí Raon Feidhme 1, Raon Feidhme 2 agus Astaíochtaí ábhartha Raon Feidhme 3 bunaithe ar an mBliain Airgeadais (BA)





# Méadrach 2
# Éifeachtúlacht Fuinnimh


## Tá neart dul chun cinn déanta ag Bord na Móna chomh fada is a bhaineann lena sprioc éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh, nó a shárú fiú, ar fud an ghnó faoin mbliain 2030.

Mar chuideachta leathstáit tráchtála, táthar ag súil go mbeidh príomhról ag Bord na Móna i ndáil leis an ngníomhú ar son na haeráide. Ní hamháin go gcuimsítear dícharbónú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i measc na ngníomhartha seo, cuimsítear iontu freisin éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud an ghnó.

Faoi Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 an Rialtais, táthar ag súl go bhfeabhsóidh cuideachtaí leathstáit tráchtála a n-éifeachtúlacht fuinnimh 50% faoin mbliain 2030. Tá sé sin ag cur leis an sprioc a bhí sonraithe roimhe sin agus bunaithe ar bhunlíne éifeachtúlachta fuinnimh reatha na heagraíochta a sonraíodh in 2009.

Tá Bord na Móna ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú i bpróisis atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus le measúnú a dhéanamh ar a oibríochtaí chun ídiú fuinnimh a íoslaghdú. Chabhraigh feabhsuithe ar chórais bhainistíochta tógála (rialuithe teasa agus soilse cliste), grianphainéil fhótavoltacha dín a shuiteáil agus bainistíocht bealaigh dhinimiciúil (Athchúrsáil Bhord na Móna) le glanmhéadú ar éifeachtúlacht fuinnimh. Mar a léirítear go soiléir i bhFíor 2, tugadh feabhas 60% faoi deara ar Tháscaire Feidhmíochta Fuinnimh (TFF) Bhord na Móna, arb ionann é agus tomhas ar dhéine fuinnimh agus táscaire a úsáidtear chun léargas a fháil ar éifeachtacht iarrachtaí coigilte fuinnimh.

Léirítear i bhFíor 2, i láthair na huaire, go bhfuil ag éirí níos fearr le Bord na Móna ná mar a bhíothas ag súil leis bunaithe ar an 'gConair Faoileoireachta' ríofa (an ráta rití atá riachtanach chun sprioc 2030 a chomhlíonadh) agus tá sé beartaithe ag an gcuideachta leanúint ar aghaidh le hinfheistíochtaí a dhéanamh i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh ar fud na heagraíochta.




**Fíor 2** Sonraí SEAI a léiríonn Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh (TFF) Bhord na Móna idir 2009 – 2022 (an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil lena haghaidh)

# Méadrach 3
# Giniúint Fuinnimh Ghlain


Ciallaíonn an fás tapa atá tagtha ar shócmhainní in-athnuaite Bhord na Móna go bhfuilimid anois ag feidhmiú mar cheann de na príomhtháirgeoirí d'fhuinneamh glan in Éirinn.

Ní raibh mórán ar eolas ag Bord na Móna nuair a chuir sé tús lena aistear fuinnimh ghlain. Breis is 30 bliain ó shin, d'fhorbair an chuideachta an chéad fheirm ghaoithe thráchtála in Éirinn ag Béal Átha Chomhraic i gCo. Mhaigh Eo, agus ní raibh an acmhainn suiteáilte cothrom le ach 6.5MW.

In 2023, tá sócmhainní in-athnuaite Bhord na Móna ag fás go tapa. Tá fuinneamh glan á tháirgeadh ar scála mór, lena n-áirítear gaothfhuinneamh, grianfhuinneamh, bithmhais agus bithghás. Tá talamh a bhí in úsáid chun móin a bhaint roimh seo in úsáid d'fheirmeacha gaoithe agus gréine anois a bhfuil an acmhainn acu na mílte tithe agus gnóthaí ar fud na hÉireann a chumhachtú le leictreachas glas, agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil na torthaí is fearr agus is féidir luaite le hathshlánú tailte portaigh agus le bithéagsúlacht; is iad sin na 'buntáistí' a dtagraítear dóibh níos faide anonn sa Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo.

Chabhraigh clár infheistíochta leanúnach luach €2.7bn Bhord na Móna, ina gcuimsítear inter alia an fhorbairt bonneagair chun ár sócmhainní fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, linn mar chuideachta, chun garsprioc iontach a bhaint amach ag deireadh na bliana tuairiscithe seo (BA23). Den chéad uair riamh, sháraigh sócmhainní leictreachais in-athnuaite Bhord na Móna, lena n-áirítear ár dtionscadail chomhfhiontair, breis is 1,000,000 MWh d'fhuinneamh glan ginte (Féach Fíor 3).

Léirítear i bhFíor 3 an fás tapa atá tagtha ar Bhord na Móna a chiallaíonn gurb ionann é agus ceann de na príomhtháirgeoirí d'fhuinneamh glas in Éirinn, le haschur de bhreis is 1,000,000 MWh.




**Fíor 3** Giniúint Fuinnimh In-athnuaite (MWh sa bhliain)



Suiteáladh tuirbíní ag Feirm Ghaoithe nuachoimisiúnaithe Chluain Críon

# John Reilly
# Ceannasaí – Athnuaiteáin



> Tá gnó fuinnimh in-athnuaite Bhord na Móna, atá ag forbairt go tapa, ag cumhachtú na mílte tithe agus gnóthaí in Éirinn le fuinneamh glas.

**Mar Cheannasaí – Athnuaiteáin, tá John Reilly ag leagan béime ar acmhainn ghiniúna in-athnuaite Bhord na Móna a mhéadú trí thairbhe a bhaint as níos mó gaothfhuinnimh, grianfhuinnimh, bithmhaise agus bithgháis, mar aon le páirceanna fuinnimh agus teicneolaíochtaí glasa a fhorbairt chun an geilleagar a dhícharbónú agus chun todhchaí fuinnimh na hÉireann a chinntiú.**

Tá príomhról ag gnó fuinnimh in-athnuaite Bhord na Móna in aistear dícharbónaithe na cuideachta. Chuir deireadh le baint mhóna dlús leis an bhforbairt seo agus le leathnú an ghnó athnuaiteán a chiallaigh gurb ionann Bord na Móna anois, tar éis cúpla bliain, agus ceann de na príomhchuideachtaí fuinnimh in-athnuaite in Éirinn.

Dúirt John Reilly, Ceannasaí – Athnuaiteáin, Bord na Móna, go bhfuil "ról suntasach ag Bord na Móna i slándáil fuinnimh na hÉireann". "Ciallaíonn forbairt ár ngnó go bhfuilimid anois ag feidhmiú mar cheann de na príomhtháirgeoirí d'fhuinneamh glas in Éirinn, agus go bhfuil sciar 15% de mhargadh leictreachais in-athnuaite na hÉireann againn."

Tá an infheistíocht luach €2 bhilliún a rinne an chuideachta in athnuaiteáin ag tacú le forbairt shuntasach ar an mbonneagar fuinnimh in-athnuaite agus ag cur leis an acmhainn táirgthe ó ghaothchumhacht, grianchumhacht, bithmhais, bithghás agus hidrigin ghlas. Faoin mbliain 2024, beidh 95% den leictreachas atá á tháirgeadh ag an gcuideachta ag teacht ó athnuaiteáin, agus tá an chuma ar an scéal go mbeidh an chuideachta ag feidhmiú mar phríomhsholáthraí leictreachais ghlais na hÉireann.

Éascaíonn cúlsoláthar talún 80,000 heicteár Bhord na Móna tionscadail fuinnimh in-athnuaite a sheachadadh ag scála suntasach, lena n-áirítear cuid de na feirmeacha gaoithe ar talamh is mó san Eoraip, agus tá an ghnáthacmhainn suiteáilte cothrom le thart ar 100MW. D'fhorbair an chuideachta a céad fheirm ghaoithe tráchtála i Maigh Eo in 1992, ceann de na feirmeacha gaoithe is sine ar domhan atá fós ag feidhmiú.

Ina theannta sin, tá roinnt láithreán á bhforbairt faoi láthair, ag a mbeidh thart ar 300MW de ghaothchumhacht agus de ghrianchumhacht, comhshuite le teicneolaíochtaí stórála.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag John, "Beidh feirmeacha gaoithe níos mó á bhforbairt againn amach anseo". "Tá méadú suntasach tagtha ar ár n-acmhainn ghaoithe le deich mbliana anuas. In imeacht deich mbliana tá an acmhainn suiteáilte méadaithe ó náid go dtí 500MW. Sa tréimhse deich mbliana amach romhainn, táimid ag iarraidh an acmhainn sin a mhéadú faoi thrí, agus is é an aidhm atá againn go mbeidh an acmhainn suiteáilte cothrom le 2 GW faoin mbliain 2030."

Tá acmhainn suiteáilte de thart ar 200MW ag feirm ghaoithe nuachoimisiúnaithe na cuideachta ag Oweninney i gCo. Mhaigh Eo, mar shampla, agus is í an fheirm ghaoithe is mó ar talamh atá ag feidhmiú in Éirinn anois. Tá an tionscadal forbartha ar bhonn Comhfhiontair le BSL, agus beidh 100 MW eile á suiteáil ag an láithreán faoi dheireadh na tréimhse deich mbliana seo. Beidh tionscadal eile, Feirm Ghaoithe Bhaile Mhic Dhiarmada i gContae Chill Dara, ag feidhmiú faoin mbliain 2028, agus beidh acmhainn suiteáilte de 300MW ag an láithreán seo.

"Tá acmhainn ghaoithe suiteáilte againn ar thailte portaigh anois a bhí ag soláthar slándála fuinnimh don Stát le 60 bliain anuas i bhfoirm móin mheilte. Agus anois tá na láithreáin seo ag leanúint ar aghaidh lena ról slándála fuinnimh – ach tá sé á dhéanamh acu ar bhealach i bhfad níos inbhuanaithe," dar le John.

Chomh maith leis sin, glacfar le gaoth ón talamh mar chuid de phunann athnuaiteán Bhord na Móna, agus beidh an chuideachta ag obair i gcomhpháirt leis an bhforbróir aitheanta idirnáisiúnta gaothfhuinnimh ón talamh, Ocean Winds.

Dúirt John gurb é "an réimse fáis mór in earnáil in-athnuaite na hÉireann sa chéad 10-15 bhliain eile an gaothfhuinneamh ón talamh agus mar phríomhimreoir sa tionscal fuinnimh sin, gur mian le Bord na Móna a bheith páirteach san fhás sin".









Tionscadail Ghaoithe agus Fhótavoltacha Ghréine ag cur le spriocanna slándála fuinnimh agus aeráide na hÉireann.

Chomh maith leis sin, tá Bord na Móna ag cur grianfhuinneamh san áireamh i bpunann fuinnimh in-athnuaite cuideachta. Tá an chéad fheirm ghréine ar scála fóntais na cuideachta, ag a bhfuil acmhainn 100MW, á tógáil faoi láthair ag Tigh Mochua Thuaidh i gContae Chill Dara, portach a bhíodh ag freastal tráth ar Stáisiún Cumhachta Fhiodh Alúine.

"Is athrú ollmhór ar ár dtalamhúsáid atá ann," dar le John. "Is léir go bhfuil líon na bhfeirmeacha gréine inár bpunann ag fás, iad comhshuite lenár bhfeirmeacha gaoithe. Is féidir linn leanúint ar aghaidh leis an bhforbairt sin de bhrí go bhfuil ár láithreáin an-mhór. Lena chois sin, tá na tionscadail seo á gcur i gcrích ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil athshlánú tailte portaigh agus gnóthachain bhithéagsúlachta leabaithe ina ndearadh."

Beidh an chéad cheann de na saoráidí comhshuite seo ag feidhmiú faoi dheireadh na tréimhse deich mbliana seo, ag Páirc Fuinnimh nua Bhord na Móna ag Doire Dhraighneach i gContae Uíbh Fhailí, díreach taobh le mótarbhealach an M6. Beidh sócmhainní in-athnuaite cosúil le gaoth, grian, stóráil ceallraí agus táirgeadh hidrigine glaise (i ndiaidh cead pleanála a fháil níos túisce i mbliana) comhshuite ar an láithreán 20,000 heicteár chun tionscail dianfhuinnimh a chumhachtú ar bhealach glan agus inbhuanaithe.

Deir John gurb í "an fhís atá againn na páirceanna fuinnimh ghlais seo a chruthú a mheallfaidh níos mó tionscal déantúsaíochta agus seirbhíse chuig Lár na Tíre agus níos mó deiseanna fostaíochta a chruthú trí chabhrú leis na hearnálacha seo a gcuid riachtanas fuinnimh a chomhlíonadh ar bhealach slán, inacmhainne agus inbhuanaithe".

Is ionann an láithreán ag Doire Dhraighneach agus ceann de chúig Pháirc Fuinnimh atá á forbairt ag Bord na Móna mar chuid dá phunann faoi láthair.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag John, "Ionas gur féidir linn ár spriocanna aeráide a chomhlíonadh agus freastal ar riachtanais mhéadaitheacha na hÉireann chomh fada is a bhaineann le leictreachas glas, táimid ag díriú ar acmhainn suiteáilte athnuaiteán de 3GW a chur ar fáil faoin mbliain 2035". "Is gaoth ar an talamh a bheidh i gceist le thart ar 50% de sin, gaoth ón talamh a bheidh i gceist le 25% agus is le grianchumhacht, bithmhais agus acmhainn sholúbtha ghásadhainte a bhainfidh an 25% fágtha, mar aon le teicneolaíochtaí stórála cosúil le stóráil ceallraí agus hidrigin ghlas."

Is é Bord na Móna an t-úsáideoir bithmhaise is mó in earnáil leictreachais na hÉireann cheana féin. Tá deireadh á chur ag an gcuideachta le móin a úsáid chun leictreachas a ghiniúint ó 2008. In 2022, ba le bithmhais a bhain 80% den leictreachas a gineadh ag Stáisiún Cumhachta Éadan Doire.

Chomh fada is a bhaineann leis an todhchaí, nuair a bheidh punann Bhord na Móna go hiomlán dícharbónaithe athróidh an chuideachta ó mhóin agus ó ola bhreosla a úsáid ina shócmhainní teirmeacha go dtí bithmhais agus ola a úsáid, mar bhreosla idirthréimhseach. Is é an plean atá ann an gás sin a dhícharbónú trí úsáid a bhaint as meascán de bhithmheatán ginte ó dhramhaíl orgánach agus hidrigin ghlas ginte ó athnuaiteáin. Tríd an méid sin a dhéanamh, beidh acmhainn an ghnólachta seo á adhaint ag bithmhais agus ag bithghás inbhuanaithe.

Ar an tslí sin, dar le John, cuirfear acmhainn chúltaca ar fáil atá riachtanach chun deireadh a chur le carbón san earnáil táirgthe leictreachais faoi 2035 agus soláthrófar foinse cumhachta atá glan, inacmhainne agus iontaofa do phobal na hÉireann.

# Méadrach 4
# Bithéagsúlacht

## Tá Bord na Móna ag leanúint ar aghaidh ag tacú leis an mbithéagsúlacht ar a thailte, tailte a mbaineann tábhacht shuntasach éiceolaíoch le go leor acu.

**D'fhorbair Bord na Móna Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta den chéad uair in 2010 a chiallaigh go raibh béim shuntasach á leagan ag ár ngnó ar chaomhnú. Clúdaíodh tréimhse sé bliana sa phlean, idir 2010 agus 2015, agus ag an am sin glacadh leis mar thionscnamh suntasach de chuid Bhord na Móna.**

B'ionann forbairt agus cur chun cinn an phlean agus an chéad iarracht dá leithéid a bheith á déanamh ag eintitis chorparáideacha in Éirinn. Ar bhealach cuimsitheach, míníodh sa chéad Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta an chúis a nglacann Bord na Móna leis go mbaineann tábhacht le bithéagsúlacht agus conas a d'fhéadfadh an chuideachta cur leis an mbainistíocht, athshlánú, athchóiriú agus caomhnú tailte portaigh a bhí á ndéanamh ag Bord na Móna ó na 1940idí.

Ag tacú le gach cuspóir i bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bhord na Móna bhí tacar gníomhaíochtaí agus príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) agus tríd is tríd, rinne gníomh maidir le gach cuspóir a bhí sonraithe i bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2010-2015, cuireadh chun feidhme iad agus/nó bhí siad á bhforbairt faoin tráth go raibh an tréimhse a chlúdaítear sa phlean seo imithe in éag. Thar thréimhse an phlean, d'athraigh na tosaíochtaí agus an bhéim, mar a bheifí ag súil leis, ach bhí príomhghnéithe an Phlean fós ábhartha – agus tá siad ábhartha go fóill.

Seoladh dara Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bhord na Móna i mí Aibreáin 2016. Chuir an Plean seo leis an obair a bhí déanta mar chuid den bhunchuspóir bunaidh agus tá na gníomhaíochtaí leagtha amach sa chéad phlean, tá siad curtha i láthair bunaithe ar chomhthéacs agus ar pheirspictíochtaí bhainistíocht, athchóiriú agus chaomhnú na bithéagsúlachta tailte portaigh.

Chomh maith leis sin, cuimsíodh sa Phlean seo freisin conas a bhféadfaí freastal ar thacar gníomhaíochtaí lena n-áirítear bonneagar fuinnimh in-athnuaite, deiseanna tráchtála nideoige, tionscadail turasóireachta agus áineasa ar thailte Bhord na Móna, fad is a bhíothas ailínithe le cuspóirí bithéagsúlachta agus le huaillmhianta aeráide níos ginearálta na cuideachta. Sampla follasach agus a tugadh faoi deara le déanaí (féach Fíor 4) é athshlánú leanúnach na dtailte portaigh ag Feirm Ghaoithe Chluain Críon, feirm a tógadh le déanaí.



**Fíor 4** Athshlánú tailte portaigh ag Feirm Ghaoithe Chluain



Nuashonrú Inbhuanaitheachta Bhord na Móna 2023

Tá sé beartaithe an tríú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, don tréimhse 2025-2030, a chur i dtoll a chéile in 2024. Cuimsítear próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara inár bPleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta ar fad.

San áireamh in eastát Bhord na Móna tá gnáthóga lena mbaineann ardluach éiceolaíoch cosúil le gnáthóga Iarscríbhinn I a sainíodh faoin Treoir AE maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE). Óstálann portaigh athshlánaithe nó athchóirithe speicis lena mbaineann luach caomhantais nó imní chaomhantais, speicis atá gann agus faoi bhrú sa tírdhreach trí chéile.

Le déanaí, tharla athchoilíniú an Ghrúis Choitinn Eoráisigh (Grus grus), liostaithe in Iarscríbhinn I de Threoir AE maidir le hÉin[1] ar lagphortach a athfhliuchtar go nádúrtha atá faoi úinéireacht Bhord na Móna[2]. Táthar ag súil go bhféadfadh athshlánú lagphortaigh, atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, cabhrú le pórú an speicis aitheanta seo trí chaighdeán na gnáthóige atá ann cheana féin a fheabhsú, atá in úsáid ag an bpéire pórúcháin faoi láthair, agus trí ghnáthóg níos oiriúnaí a chruthú sa réigiún. I rith na tréimhse tuairiscithe seo, sholáthair an péire pórúcháin aonair seo na chéad sicíní Grúis Eoráisigh a tháinig chun aibíochta in Éirinn le breis is 300 bliain[3].









**Clé go Deas:**
**Fíor 5** Eala Ghlórach: Speiceas atá liostaithe in Iarscríbhinn I den Treoir AE maidir le hÉin agus bíonn go leor den speiceas seo le feiceáil ar eastát Bhord na Móna i rith thréimhse an gheimhridh. **Fíor 6** Ceannbhán: Speiceas a bhíonn le feiceáil go minic ar Lagphortaigh. **Fíor 7** An giorria sléibhe Éireannach (Lepus timidus hibernicus), speiceas a bhíonn le feiceáil go forleathan ar réadmhaoin Bhord na Móna. **Fíor 8** Beach-chonach cúngliopach (Hemaris tityus).

# Méadrach 5
# Athshlánú Tailte Portaigh

Mar thoradh ar athshlánú tailte portaigh tá gnáthóga ilghnéitheacha, nua á gcruthú agus tá an oiread tairbhe agus is féidir á baint as luach na talún mar stór carbóin.

Tá daoine ar fud an domhain ar aon intinn faoin tuiscint go bhféadfadh athfhliuchadh móna agus athchóiriú hidreolaíochta ar thailte portaigh damáistithe stóráil carbóin a fheabhsú, astaíochtaí carbóin a laghdú, stóráil agus maolú uisce a fheabhsú, agus cabhrú chun tacú le bithéagsúlacht[4]. Is é athfhliuchadh móna an phríomhghníomhaíocht a theastaíonn chun luach na dtailte portaigh mar stór carbóin a chothabháil agus a uasmhéadú, chun tacú le carbón a bheith á ionsú ag fásra na dtailte portaigh agus chun láithreáin a athchóiriú ionas go mbeidh siad ag feidhmiú mar linnte carbóin[5].

Tá Bord na Móna ag díriú go gníomhach ar athshlánú tailte portaigh ar a thailte ó na 1990 idí agus roimh 2020 bhí Bord na Móna ag díriú ar thionscnaimh athshlánaithe ar thart ar 20,000 heicteár de thailte portaigh ar fad.

Chomh maith leis sin, bhí sé ag díriú ar fheabhsuithe athshlánaithe ar lagphortaigh chun tacú le bithéagsúlacht, rud ba chúis le líonra fairsing de lagphortaigh a chruthú ar a bhfuil raon gnáthóg bunaithe. Is fianaise iad na limistéir lagphortaigh seo ar an tslí is féidir seanlimistéir táirgthe móna a athshlánú trí mheascán d'athghiniúint nádúrtha agus d'athshlánú spriocdhírithe chun deis a thabhairt do speicis tosú ag fás go tapa arís i limistéir éagsúla.

Cheadaigh Rialtas na hÉireann Scéim Feabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú (SFDAA) i mí na Samhna 2020 agus déantar cur síos inti ar fheabhsuithe atá beartaithe a dhéanamh ar suas le 33,000 heicteár de thailte portaigh Bhord na Móna sna blianta amach romhainn, ar phortaigh a bhí in úsáid roimhe seo chun móin a bhaint ar bhonn tráchtála. Fuarthas maoiniú don scéim trí Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) an AE, príomhionstraim atá ag croílár NextGenerationEU[7]. Ag leibhéal náisiúnta, tá an maoiniú seo á riar trí Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Teacht Aniar (PNTTA) na hÉireann[8].



**Fíor 9** Amharc ón aer (2023) ar Phortach Choill Raithní, Co. Uíbh Fhailí, a athshlánaíodh faoi SFDAA in 2022. Tá líonra na gceall bundaithe atheagraithe ag coimeád uisce ar an bportach anois, agus ar an tslí sin, tá astaíochtaí á laghdú.





Is iad cuspóirí SFDAA na tailte portaigh seo a athshlánú ionas go bhfeabhsaíonn na feabhsuithe a dhéantar na tionchair aeráide, chomhshaoil, éiceolaíocha agus hidreolaíocha. Chun an obair seo a dhéanamh, d'athshann Bord na Móna fostaithe ó ghníomhaíochta bainte móna go dtí oibríochtaí athshlánaithe.

Tá an Scéim á riar ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), agus tá Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (SPNF) ag feidhmiú mar Rialtóir. Is é Bord na Móna oibritheoir na Scéime.


Cuireadh tús leis an obair ar SFDAA ag tús 2021 agus beidh an scéim curtha i gcrích faoi lár 2026.

Is tionscadal casta é seo, a gcuimsítear ann rannpháirtíocht leanúnach le go leor páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), ENRanna ábhartha (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha), pobail áitiúla (a dtéitear i gcomhairle leo) agus úinéirí talún in aice láimhe, mar aon leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) na hÉireann agus Bord na Móna.

Tá Bord na Móna agus a chomhpháirtithe ag cabhrú leis an dúlra, tá an todhchaí á hathrú agus tá féidearthachtaí nua á gcruthú do bhithéagsúlacht, d'fhuinneamh in-athnuaite agus do thaitneamhachtaí poiblí.







**Clé go Deas:**
**Fíor 10** Amharc ón aer (2023) ar Phortach Uachtair i gContae Uíbh Fhailí, a athshlánaíodh faoin SFDAA in 2021. Bhí gnáthóga ceannródaíocha á bhforbairt ó 2012. Tá mósáic de ghnáthóga nua le feiceáil anois, gnáthóga atá ag tacú le Bithéagsúlacht ar an láithreán. **Fíor 11** Amharc ón aer (2021) ar Phortach Thuaim Catraí i gContae na Gaillimhe, áit a bhfuil obair athchóirithe á déanamh. Tá an meaisín atá le feiceáil ag cruthú bloic dhraenála feadh draenacha a bhí tochailte roimhe seo chun tacú le baint mhóna. **Fíor 12** Amharc ón aer (2022) ar Phortach Thuaim Catraí i gContae na Gaillimhe, áit a bhfuil an obair athchóirithe curtha i gcrích. Tá na leibhéil uisce níos airde rud is cúis le hastaíochtaí laghdaithe agus le gnáthóg feabhsaithe.

# Ger Breen
# Ceannasaí – Talamh agus Gnáthóga



> Is trí thairbhe a bhaint as talamhúsáid chomhtháite a éireoidh le Bord na Móna gnóthaí nua inbhuanaithe, ísealcharbóin a fhorbairt agus cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta a chomhlíonadh.

**Ó dhonn go glas, tá aistear dícharbónaithe Bhord na Móna ag leanúint ar aghaidh. Chomh fada is a bhain le hobair Ger Breen, Ceannasaí – Talamh agus Gnáthóga, chiallaigh aistriú an ghnó chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú go raibh athmhachnamh tapa le déanamh maidir le bainistiú agus úsáid eastát Bhord na Móna.**

Chabhraigh an cinneadh a rinne Bord na Móna in 2019 chun deireadh a chur le baint mhóna le luas a chur le forbairt na cuideachta feadh conaire ar a baisteadh "an dúshlán talamhúsáide is mó i stair chomhaimseartha na hÉireann". Is é cúlsoláthar talún 80,000 heicteár Bhord na Móna an tsócmhainn is mó atá ag an gcuideachta, agus bhí an bhéim atá á leagan ar dhícharbónú sa lá inniu ann mar bhonn le deiseanna nua agus suntasacha a chruthú a nach mbeadh ann roimhe seo.

Tá Ger Breen i mbun an ghnó Tailte agus Gnáthóg a stiúradh trí straitéis de thalamhúsáid chomhtháite a thacaíonn le hathshlánú agus le hathchóiriú phortaigh na hÉireann chun cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta a chomhlíonadh trí chur chun feidhme na Scéime Feabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú (SFDAA), mar aon le hathnuachan agus atheagrú shócmhainní talún na cuideachta chun díriú ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar ghnóthaí nua-aimseartha, ísealcharbóin eile.

Dúirt Ger go gcuirfidh an úsáid atá á baint as an talamh do thionscadail fuinnimh in-athnuaite cosúil le feirmeacha gaoithe agus páirceanna fuinnimh ar bhealach suntasach le freagairt na hÉireann don dúshlán aeráide agus le dícharbónú an gheilleagair.

"Riamh anall bhí táirgí fuinnimh á gcur ar fáil ag Bord na Móna do phobal na hÉireann. Táimid ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis na táirgí fuinnimh seo a sholáthar - ach seachas breosla iontaise ardcharbóin a úsáid, is féidir linn anois ár dtalamh a úsáid chun fuinneamh glas a ghiniúint trí theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a úsáid atá á gcumhachtú ag an ngaoth agus ag an ngrian."

Seachas tailte portaigh iargúlta Bhord na Móna a úsáid do thionscadail fuinnimh in-athnuaite, tá "buntáiste" eile ag baint leis seo ó thaobh talamhúsáide agus carbóin, a d'fhéadfadh lorg carbóin na hÉireann a laghdú.

Dúirt Ger nach bhfuil ach suas le 3 - 5% dár dtalamh in úsáid do thionscadail fuinnimh in-athnuaite. "Athchóireofar formhór an 95 – 97% fágtha dár dtailte portaigh go dtí a staid nádúrtha áit ar féidir ag brath ar shosanna hidreolaíocha. Tá siad á n-athrú againn ó fhoinse charbóin go dtí stór carbóin - agus go dtí linn charbóin i ndeireadh na dála." Tá an acmhainn is fearr ar fad ag ithreacha tailte portaigh (orgánacha) as measc na n-ithreacha ar fad chomh fada is a bhaineann le carbón a stóráil.

Tá portaigh nach féidir iad a athchóiriú á n-athshlánú mar ghnáthóga saibhre agus éagsúla do speicis dhúchasacha plandaí agus ainmhithe na hÉireann. Thug Ger le fios go bhfuil an dúlra ag forbairt arís de bhrí go bhfuil tús curtha againn le hathchóiriú an dúlra.

In 2021, an chéad bhliain de Scéim um Ghníomhú ar son na hAeráide na dTailte Portaigh, d'athshlánaigh Bord na Móna 8,000 heicteár de thailte portaigh mar chuid den chlár athshlánaithe portaigh is mó ar domhan. Faoi dheireadh 2022, bhí obair curtha i gcrích ar bhreis is 14,000 heicteár. Is í an sprioc atá ann suas le 33,000 heicteár de thailte portaigh Bhord na Móna a athshlánú roimh 2030.

Tá roinnt cúrsaí oiliúna déanta ag oibrithe a bhí ag baint mhóna chun cumhacht a ghiniúint roimhe seo, tá scileanna nua sealbhaithe acu agus tá siad anois ag díriú ar an gclár athshlánaithe ar na portaigh.

Ciallaíonn foireann agus saineolas Bhord na Móna gur féidir acmhainní a úsáid freisin chun cabhrú le hathshlánú tailte tríú páirtí agus cabhrú ar bhealach níos suntasaí fós le cuspóirí aeráide na hÉireann a chomhlíonadh. Is bogach é







Táthar ag leanúint ar aghaidh le hathshlánú tailte portaigh ag feirm ghaoithe Dhroim Cáithe Bhord na Móna

thart ar 20% de thírdhreach na hÉireann (1.45 m Heicteár) ach draenáladh go leor den bhogach sin le 100 bliain anuas, rud ba chúis le tailte portaigh díghrádaithe agus acmhainn nádúrtha an tírdhreacha feidhmiú mar linn charbóin a laghdú.

Is mian leis an gcuideachta feidhmiú mar chomhpháirtí gníomhach i ndáil le talamhúsáid in Éirinn a athrú trí chomhpháirtíochtaí le Coillte, an úinéir is mó tailte portaigh in Éirinn, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), agus úinéirí talún príobháideacha. Cheana féin, tá thart ar 3,000 heicteár de thalamh athshlánaithe ag Bord na Móna don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, agus tá sé beartaithe 22,000 heicteár eile a athshlánú.

Gné eile a bhfuil Ger ag díriú uirthi é poitéinseal na talún tacú le héiceathurasóireacht agus poist inbhuanaithe a chruthú i bpobail atá leabaithe i stair Bhord na Móna le blianta fada anuas.

Dúirt Ger go dtuigeann gach duine i mBord na Móna an luach a bhaineann le bheith ag obair i ndlúthpháirt le pobail. "Ionas gur féidir linn níos mó turasóirí a mhealladh chuig Lár na Tíre, táimid ag díriú ar ghlasbhealaí a thógáil áit a mbíodh na seanlínte iarnróid ag rith trí na portaigh. Táimid i ndiaidh páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíocht straitéiseach le Fáilte Éireann agus tá maoiniú faighte againn chun na trialacha a chumasú. Tá straitéis Áineasa á forbairt againn bunaithe ar na deiseanna a d'fhéadfaimis a thapú ar ár dtailte do bhonneagar breise a fheabhsóidh an tairiscint éiceathurasóireachta i gCroíthailte Folaithe na hÉireann."

Le blianta beaga anuas, d'fhorbair Bord na Móna taitneamhachtaí poiblí mórthimpeall ar láithreáin cosúil le Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí agus Feirm Ghaoithe Dhroim Cáithe i gCo. Uíbh Fhailí, a mheall na mílte cuairteoirí gach bliain agus a sholáthraíonn spás áineasa tábhachtach do phobail áitiúla agus do chuairteoirí.

Chomh maith leis sin, tá Bord na Móna ag tacú le gnóthaí nua, nuálacha chun bunú i seansaoráidí táirgthe móna, agus tá úsáidí malartacha á lorg le haghaidh thart ar 35 réadmhaoin faoi láthair.

Mar shampla, tá an chuideachta Éireannach, Manna Drones, anois ag léasú Cheardlann Bellair in Iarthar Uíbh Fhailí. Ina theannta sin, úsáideann siad an t-aerspás os cionn Phortach an Bhaile Aird chun tástáil éigeantach a dhéanamh ar Dhróin sula dtosaítear ag soláthar earraí agus seirbhísí dá gcustaiméirí. Díoladh an tseanmhonarcha brícíní ag An Baile Beag, Co. Thiobraid Árann le cuideachta atá ag díriú ar phlaisteach dubh a athchúrsáil agus coirníní plaisteacha a dhéanamh.

Beidh an t-athrú suntasach seo ar úsáid na réadmhaoine seo, atá anois in úsáid ag gnóthaí nua-aimseartha, nuálacha, mar bhonn le níos mó post oilte a chruthú agus tacú go hindíreach le pobail áitiúla.

Trí athmhachnamh a dhéanamh ar conas a bhainistíonn an chuideachta a talamh agus sócmhainní, tá Bord na Móna ag tacú le dóchas a chruthú chomh fada is a bhaineann leis an dúlra, ar mhaithe le pobail, leis an aeráid agus leis an todhchaí.

# Méadrach 6
# Athchúrsáil

## Tá réitigh bhainistíochta dramhaíola nuálacha Bhord na Móna ag cabhrú leis an méid atá á chur i líonadh talún a laghdú.

Tá gnó Athchúrsáil Bhord na Móna ag leanúint ar aghaidh ag freastal ar riachtanais breis is 140,000 custaiméir ar fud na hÉireann. Ag croílár na hoibre, tá an iarracht an chuideachta a ailíniú le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais trí thacú le haistriú chuig geilleagar ciorclach ina bhfuil acmhainní in úsáid don tréimhse is faide agus is féidir go dtí go ndéantar iad a athghiniúint mar tháirgí nua ag deireadh a saolré.


Is léir ó na figiúirí is déanaí atá curtha ar fáil faoin ngnó Athchúrsála go bhfuil an chuideachta ag cur go suntasach le haisghabháil acmhainní agus le bainistíocht dramhaíola inbhuanaithe in Éirinn. Taispeántar i bhFíor 14 go bhfuil 90% den fhuíollábhar ar fad a bhailíonn Bord na Móna á athchúrsáil nó á aisghabháil, agus nach bhfuil ach 10% á chur i líonadh talún.

Tá Athchúrsáil Bhord na Móna ag leanúint ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nuálacha agus éifeachtach ó thaobh acmhainní de, lena n-áirítear tús a chur le húsáid a bhaint as an gcéad bhFeithicil Bailithe Bruscair (FBB) leictreach in Éirinn anuraidh.

Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe ag an gcuideachta ionad díleá anaeróbach a fhorbairt, a athróidh dramhaíl in-bhithmhillte go dtí bithghás glas a úsáidfear sa líonra gáis náisiúnta. Cuirfidh an infheistíocht sin le haonad gáis líonta talún na cuideachta i gCill Dara, a nglactar leis mar chuid d'fhlít giniúna leictreachais Bhord na Móna i láthair na huaire. Táirgeann sé thart ar 30,000 MWh de leictreachas in-athnuaite gach bliain, sin dóthain cumhachta chun thart ar 25% den riachtanas soilsithe sráide poiblí in Éirinn a shoilsiú.


I dteannta a chéile, tá ár láithreáin agus teicneolaíochtaí ag cabhrú linn chun a bheith níos nuálaí agus níos éifeachtaí i ndáil leis an tslí a ndeighlimid dramhaíl, athchúrsáil plaisteach a mhéadú agus táirgí ardluacha a chruthú as táirgí íseal-luacha chun tacú le hiarracht na hÉireann dlús a chur le bainistíocht dramhaíola níos inbhuanaithe.

### An Geilleagar




**Fíor 13** Samhail de gheilleagar ciorclach d'Athchúrsáil Bhord na Móna

### Cinn Scríbe Fuíollábhair




**Fíor 14** Miondealú ar chinn scríbe d'fhuíollábhar bailithe ag Athchúrsáil Bhord na Móna




Choimisiúnaigh Bord na Móna an chéad Fheithicil Bailithe Bruscair (FBB) leictreach in Éirinn

# Cormac Manning
## Ceannasaí – Athchúrsáil



> "Athmhachnamh a dhéanamh ar bhailiú bruscair agus ar athchúrsáil chun tacú le hiarracht na hÉireann dlús a chur le bainistíocht dramhaíola inbhuanaithe agus leis an ngeilleagar ciorclach."

**Tá ról lárnach ag gnó Athchúrsáil Bhord na Móna i gcuspóirí aeráide a chomhlíonadh trí ghás líonta talún a aistriú go leictreachas, trí athchúrsáil phlaisteach a mhéadú agus trí réitigh nuálacha bainistithe dramhaíola a chur ar fáil do na mílte teaghlach agus gnóthaí in Éirinn.**

Mar cheann de na príomhbhailitheoirí agus príomhphróiseálaithe dramhaíola sa tír, tá Athchúrsáil Bhord na Móna ag tacú le beartas dramhaíola náisiúnta agus ag cabhrú chun lorg carbóin na hÉireann a laghdú trí úsáid a bhaint as dramhaíl chun tráchtearraí a fhorbairt, chun an méid a chuirtear i dtreo líonta talún a laghdú agus chun an méid dramhaíola atá á easpórtáil á laghdú.

Tá baint ag Athchúrsáil Bhord na Móna le gach céim den slabhra bainistíochta dramhaíola, lena n-áirítear bailiú agus cóireáil, athchúrsáil agus diúscairt más gá. Trí dhramhaíl íseal-luacha a aistriú go dtí táirgí ardluacha, tá Bord na Móna ag cabhrú le dramhaíl a athchúrsáil agus a úsáid ar bhealaí eile sna mílte teaghlach agus gnóthaí ar fud na hÉireann.

Dar le Cormac Manning, Ceannasaí – Athchúrsáil, Bord na Móna, is ionann forbairt inbhuanaithe an ghnó agus gealltanas chun seirbhís éifeachtúil, inacmhainne agus iontaofa a chur ar fáil do chustaiméirí, agus ailíniú le forbairt teicneolaíochtaí nuálacha agus láithreán nua a leabaíonn aisghabháil agus athchúrsáil i mbainistíocht dramhaíola.


"Is tréimhse spéisiúil í seo d'Athchúrsáil Bhord na Móna, de bhrí go bhfuil tionscnaimh bheartais agus feasacht phoiblí mar bhonn le gluaiseacht i dtreo cur chuige níos ciorclaí maidir le húsáid acmhainní. Tá an t-aistriú ón tsamhail líneach "tóg-déan-úsáid-diúscair" riachtanach anois agus tá Athchúrsáil Bhord na Móna ag infheistiú sa bhonneagar agus sna próisis riachtanacha chun tacú leis an athrú seo"

Ó 2007, tá fás tagtha ar ghnó bailithe dramhaíola Bhord na Móna chomh fada is a bhaineann leis na seirbhísí atá á dtairiscint agus an lorg oibríochtúil, agus tá breis is 140,000 custaiméir ar fud na tíre ag an ngnó anois.

Bailíonn agus próiseálann Athchúrsáil Bhord na Móna dramhaíl ó chustaiméirí baile, tráchtála, tionsclaíocha, agus tógála & scartála ar fud na tíre.

### Saoráidí Ceadúnaithe GCC


1. Athchúrsáil Bhord na Móna Phort Laoise
2. Athchúrsáil Bhord na Móna Thulach Mhór
3. Athchúrsáil Bhord na Móna an Aonaigh
4. Athchúrsáil Bhord na Móna na hUaimhe
5. Athchúrsáil Bhord na Móna Lusca
6. Athchúrsáil Bhord na Móna Ros Láir
7. Ionad Conláiste Cathartha Chnoc Saileata
8. Ionad Conláiste Cathartha Bhaile Átha Í Saoráidí Ceadúnaithe GCC
9. Saoráid Líonta Talún/Múirínithe Gáis an Droichid




**Fíor 15** Léarscáil de shaoráidí ceadúnaithe GCC á mbainistiú ag Athchúrsáil Bhord na Móna



Nuashonrú Inbhuanaitheachta Bhord na Móna 2023



Ionad Athchúrsála Bhord na Móna i dTulach Mhór

Anuraidh, bhailigh an flít Athchúrsála thart ar 400,000 tona d'ábhar, a áirítear ann an chéad Fheithicil Bailithe Bruscair (FBB) leictreach in Éirinn. Próiseáiltear agus aisghabhtar gnéithe in-athchúrsáilte agus inmhúirínithe de na sruthanna dramhaíola seo agus aisghabhtar iad i líonra de láithreáin thiomnaithe ar fud na tíre. I láthair na huaire, tá Bord na Móna ag bainistiú naoi saoráid cheadúnaithe GCC atá suite go straitéiseach ar fud na hÉireann.

Tá úsáid á baint as raon ardteicneolaíochtaí próiseála, deighilte, cóireála agus athchúrsála dramhaíola ag saoráidí dramhaíola Bhord na Móna chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as dramhaíl go héifeachtúil agus go barainneach, agus chun an méid a chuirtear i dtreo an líonta talún a laghdú.

Is í an tsaoráid is mó Saoráid Bainistíochta Dramhaíola an Droichid, a osclaíodh in 2008 agus atá ceadúnaithe faoi láthair chun glacadh le 120,000 tona sa bhliain de dhramhaíl teaghlaigh, tráchtála agus thionsclaíoch. Chomh maith leis sin, tá bonneagar tiomnaithe ar fáil ag an láithreán seo chun gas líonta talún a athrú go dtí leictreachas in-athnuaite, dóthain chun freastal ar na riachtanais bhliantúla – breis is 6,000 teach sa bhliain. Ina theannta sin, ag an tsaoráid seo múirínítear 25,000 tona de dhramhaíl orgánach, dramhbhia den chuid is mó ó theaghlaigh agus ó asraonta lónadóireachta, gach bliain.

# Méadrach 7
# Folláine Fostaithe

De réir mar atá Bord na Móna ag leanúint ar aghaidh le tionchair dhearfacha shuntasacha a bheith aige i ndáil leis an athrú aeráide, an timpeallacht agus bithéagsúlacht, cuimsítear i gcoincheap níos ginearálta na hInbhuanaitheachta corparáidí, mar atá sainmhínithe in TTIC, foireann oibre na heagraíochta freisin.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Sharon Doyle, Ceannasaí – Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corparáideacha Bhord na Móna, "Mar chuid d'fhorbairt Bhord na Móna mar chuideachta Réiteach Aeráide, tá príomhbhéim á leagan ar eispéireas agus ar rannpháirtíocht fostaithe". Bhí an méid seo a leanas le rá ag Sharon freisin, "Tá sé mar aidhm ag Bord na Móna áit oibre iontach a chruthú agus a chinntiú gur féidir le comhghleacaithe barr a gcumais a bhaint amach – tá iarracht á déanamh againn cultúr d'ionchuimsiú, de chóimheas agus de dheiseanna comhionanna a chruthú do chomhghleacaithe."

Tá fianaise le fáil sa Nuashonrú Inbhuanaitheachta seo ar aistear Bhord na Móna chun rochtain a fháil ar agus chun tuairisciú a dhéanamh ar thionchair ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhostaithe na cuideachta, agus tá an chuideachta ag tuairisciú ar ábhair lena n-áirítear, 'comhionannas inscne' agus 'éagsúlacht', 'oiliúint agus forbairt scileanna' mar aon le 'cothromaíocht oibre is saoil', roimh achtú na reachtaíochta foirmiúla le haghaidh na nochtaí seo.

**Comhionannas Inscne**
Don tréimhse 12 mhí dar críoch Mheitheamh 2022, d'fhoilsigh Bord na Móna an chéad tuarascáil ón gcuideachta maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní. Tá an tuarascáil seo fáil ar líne agus is féidir cóip a fháil ag an nasc seo.

**Éagsúlacht**
Tá Grúpa Stiúrtha CÉ&I (comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú) bunaithe ag Bord na Móna, agus páirteach ann tá fostaithe as ar fud na cuideachta, a bhfuil príomhról acu i ndáil le tuairimí comhghleacaithe a chur in iúl, eolas maidir le forbairtí leanúnacha na cuideachta a roinnt laistigh den spás CÉ&I go hinmheánach agus ionchur ar chur ar fáil do dhearadh, d'fhorbairt agus do chur chun feidhme na straitéise CÉ&I i mBord na Móna. Tá Chairt um an Éagsúlacht na hÉireann sínithe ag an gCuideachta agus i ndiaidh di duais Chré-umha a fháil in 2021 ó Ionad um an Éagsúlacht na hÉireann bronnadh duais airgid Infheisteoirí Éagsúlachta uirthi i rith na bliana airgeadais seo.

Investors in Diversity | SILVER

Rinne féilire iomlán imeachtaí agus seimineár gréasáin ceiliúradh ar chomhionannas agus ar ionchuimsiú i rith Mhí Bhród na nAerach, Feasacht Uathachais agus tionscnamh na cuideachta féin, #BeYourself, chun aird a tharraingt ar Lá um Éagsúlacht 2022.

**Oiliúint & Forbairt Scileanna**
Le trí bliana anuas, bhí tús áite á thabhairt ag an gcuideachta d'oibrithe bainte móna a oiliúint agus a chinntiú go raibh na scileanna riachtanacha acu chun athshlánú tailte portaigh a chur i bhfeidhm. Tá bearta forásacha bunaithe ag Bord na Móna d'oideachas, d'oiliúint agus d'uasoiliúint foirne agus tuigeann an chuideachta go bhfuil forbairt fostaithe ríthábhachtach chun tacú le cultúr de nuálaíocht, ina gcuirtear ar chumas fostaithe barr a gcumais a bhaint amach agus poist thábhachtacha a líonadh trí dhaoine cumasacha ón eagraíocht a cheapadh. Baineann forbairt oiliúna agus scileanna Bhord na Móna le cúrsaí speisialtóra teicniúla agus gairmiúla agus cuimsítear inti clár Tacaíochta Oideachais fhoirmiúil d'fhostaithe a sholáthraíonn cúnamh praiticiúil agus cabhair le forbairt gairme. Le cois riachtanas oiliúna saincheaptha d'fhostaithe aonair, cuirtear tionscnaimh oiliúna ar fud na cuideachta i gcrích freisin, agus i rith na bliana airgeadais seo áiríodh ina measc cláir feasachta Inbhuanaitheachta agus Éagsúlachta.

**Cothromaíocht Oibre is Saoil**
Tá Bord na Móna ag glacadh de réir a chéile le sláinte & folláine fostaithe mar thosaíocht ghnó straitéiseach agus mar phríomhghné de ghnó freagrach. D'oibrigh an chuideachta le fostaithe ar fud na cuideachta ar chláir faoi eispéireas agus folláine fostaithe. Sa réimse seo, bronnadh an creidiúnú 'KeepWell' ar Bhord na Móna in 2022 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh le Clár Cúnaimh d'Fhostaithe tiomnaithe a chur ar fáil.

I rith na bliana airgeadais seo, d'eagraigh an Fhoireann 11 sheimineár ghréasáin ar líne don fhoireann faoi thopaicí lena n-áirítear strus, meabhairshláinte agus bainistíocht airgid, agus conas déileáil le leanaí agus le déagóirí imníocha; bhain breis is 570 fostaí tairbhe as na seisiúin sin.

Lasmuigh de na riachtanais shonracha a bheidh ann amach anseo a bhaineann le TTIC, tá scéimeanna agus beartais forbartha ag Bord na Móna freisin chun daoine eile nua a mhealladh i dtreo na heagraíochta agus chun iad a choinneáil san eagraíocht. I rith na bliana, bhunaigh an chuideachta cláir nua do chéimithe, cláir scoláireachta agus phrintíseachta mar chuid de chlár 'Conairí Amach Anseo' na heagraíochta.

Chomh maith leis sin, tá an chuideachta ag leanúint ar aghaidh le deiseanna forbartha pearsanta, gairmiúla agus gairme a chur ar fáil d'fhostaithe agus tá cúrsaí oiliúna ar fáil mar chuid de raon leathan clár lena n-áirítear LinkedIn Learning, cúrsaí Maoirseachta agus Bainistíochta Tionscadail. I rith na bliana, seoladh Tionchar Dearfach, chéad Acadamh Meantóireachta na mBan na cuideachta, a raibh sé mar aidhm aige tacaíocht a sholáthar do chomhghleacaithe ar fud na heagraíochta chun forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh.

Cúis áthais don fhoireann Fuinnimh In-athnuaite agus AD, níos túisce sa bhliain, gur bhuaigh Bord na Móna an duais don Earcaitheoir Céime is mó tóir san earnáil Fóntas, Fuinnimh agus Athnuaiteáin ag 17ú searmanas gradam GradIreland.

WINNER
Utilities, energy, renewables

The KeepWell Mark



Imeacht Lá Idirnáisiúnta a reáchtáil Bord na Móna



Faighteoirí Chlár Scoláireachta Bhord na Móna


Grúpa Stiúrtha CÉ&I Bhord na Móna (comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú)

# Méadrach 8
# Rannpháirtíocht sa Phobal agus Tairbhe

## Tá Bord na Móna tiomanta do thacú le pobail áitiúla agus d'athruithe dearfacha a dhéanamh i réigiún Lár na Tíre.

Ó bunaíodh é, bhí ról lárnach ag Bord na Móna chomh fada is a bhain le tacú le pobail áitiúla sna láithreáin éagsúla agus leis na hoibríochtaí éagsúla. Ainneoin go raibh ár straitéis 'Donn go Glas' mar bhonn le hathrú ollmhór a dhéanamh sa chuideachta fad is a bhíothas ag aistriú go dtí cuideachta réiteach aeráide, táimid fós tiomanta do thacú leis na pobail inár gcroíthailte ar bhealach dearfach.

Ionas gur féidir linn cuspóirí Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide na hÉireann a chomhlíonadh, beidh ar Bhord na Móna bonneagar in-athnuaite agus geilleagar ciorclach a fhorbairt ar bhealach a thacaíonn le rannpháirtíocht sa phobal agus le comhairliúchán le páirtithe leasmhara. Tuigimid, ainneoin go dtéann na tionscadail um Ghníomhú ar son na hAeráide seo chun tairbhe na sochaí trí chéile, go bhfuil sé tábhachtach go mbaineann na ceantair áitiúla ina bhfuil na forbairtí seo á n-óstáil tairbhe as na tionscnaimh seo freisin.

Chuige sin, bhunaigh Bord na Móna scéim Leasa Pobail agus Garchomharsan chun tacú le tionscadail agus le gníomhaíochtaí áitiúla. Le blianta beaga anuas, leithdháileadh díreach faoi bhun €1m ar na scéimeanna seo ar fud Lár na Tíre. I measc na scéimeanna tá scéimeanna atá bunaithe ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, athchóiriú hallaí áitiúla, soláthar ábhar oiliúna, agus soláthar trealaimh leighis éigeandála.

Tá tionchar ollmhór ag na scéimeanna sin ar phobail áitiúla; cinntíonn siad nach bhfágtar aon duine ar gcúl fad is atáimid ag díriú ar thodhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe do gach duine.

Tá sonraí maidir leis na cistí agus na socruithe rialachais difriúla le fáil ar shuíomh gréasáin Bhord na Móna.




Eolas do Chuairteoirí ag Feirm Ghaoithe Chluain Críon




**Fíor 16** Grúpa Céad Fhreagróirí Pobail Éadan Doire le dífhibrileoir nua atá díreach ceannaithe agus ar fáil ag Gairdín Céadfach Fheirm Ghaoithe Chluain Críon

# Sharon Doyle
## Ceannasaí - Acmhainní Daonna & Gnóthaí Corparáideacha - Luasaire Glas



> "Tá clár luasaire Bhord na Móna dírithe ar chuideachtaí atá ag forbairt táirgí agus seirbhísí a bhaineann le nuálaíocht ghlas a scálú."

**Cabhraíonn clár Luasaire Glas Bhord na Móna le gnólachtaí nuathionscanta chun scálú agus chun an fhreagairt don ghníomhú ar son na haeráide agus don inbhuanaitheacht a threorú, agus ar an tslí sin, cur le cuspóirí aeráide na hÉireann agus poist níos inbhuanaithe a chruthú.**

Tá Bord na Móna den tuairim go bhfuil an-tábhacht ag baint le haistriú cóir chuig geilleagar ísealcharbóin, de réir mar atá an chuideachta ag fágáil na móna diancharbóin ar gcúl. Tacaíonn Bord na Móna le haistriú ina bhfuil buntáistí an gheilleagair ghlais á roinnt go forleathan agus ag tacú le pobail a bhfuil tionchar ag dúnadh na stáisiún móna orthu agus deireadh le ré na bainte móna.

Mar cheann de na príomh-chomhpháirtithe i dtionscadal Tailte Portaigh agus Daoine LIFE, tionscadal atá á mhaoiniú ag an AE, thug Bord na Móna gealltanas chun clár luasaire nua a fhorbairt a bheadh ag feidhmiú mar spreagadh geilleagrach do Lár na Tíre trí thacú le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha chun fostaíocht nua-aimseartha, gnóthaí inbhuanaithe agus fostaíocht ardluacha a chruthú,

Seoladh clár Luasaire Glas Bhord na Móna in 2021 agus is ionann é agus an chéad luasaire saor ó chothromas in Éirinn a bhfuil sé mar aidhm leis na cuideachtaí a scálú atá ag treorú na freagartha don ghníomhú ar son na haeráide agus don inbhuanaitheacht trí tháirgí agus seirbhísí atá bunaithe ar nuálaíocht ghlas a fhorbairt.

Dúirt Sharon Doyle, Ceannasaí - Acmhainní Daonna & Gnóthaí Corparáideacha Bhord na Móna, "gur cúis bhróid do Bhord na Móna go bhfuil fostaíocht inbhuanaithe á soláthar aige do na pobail a bhfuil sé ag obair iontu le fada an lá". "Is mian linn leanúint ar aghaidh leis an traidisiún seo nuair a bheimid ag feidhmiú mar chuideachta réiteach aeráide trí oibriú i gcomhpháirt le gnóthaí nua, inbhuanaithe atá tiomanta don nuálaíocht ghlas ar mhaithe leis an ngníomhú ar son na haeráide agus le poist a chruthú sa gheilleagar glas."

Tugann Luasaire Glas le chéile saineolas eagraíochta agus tráchtála Bhord na Móna ionas gur féidir forbairt mar chuideachta réiteach aeráide, agus saineolas sholáthraithe an chláir, Resolve Partners, chun cuideachtaí nuálacha ag an scála sin a fhorbairt.

Tugtar rochtain do rannpháirtithe ar na huirlisí riachtanacha, mar aon le comhairle, meantóireacht agus pobal saineolais chun teacht ar thuiscint ar na deiseanna a bhaineann le haistriú chuig geilleagar glas, ísealcharbóin, agus insítear dóibh conas bacainní a chuireann cosc ar scála a shárú. Chomh maith leis sin, is féidir leo líonrú le agus dul i mbun plé le príomhpháirtithe tionscadail an gheilleagair um athrú aeráide, agus tairbhe a bhaint as infheistíocht airgeadais b'fhéidir.

Soláthraíonn Luasaire Glas rochtain do Bhord na Móna ar chomhoibriú, agus mar chustaiméir tagartha féideartha, agus osclaíonn sé rochtain ar bhonneagar agus ar bhinsí tástála T&F.

Dúirt Sharon go dtugann Luasaire Glas léargas dóibh ar na rudaí atá nua agus nuálach sa tionscal. "Tá Bord na Móna ag cur leis an ngeilleagar glas cheana féin trína oibríochtaí Athnuaiteán, Tailte agus Gnáthóg, agus oibríochtaí Athchúrsála, ach tá i bhfad níos mó ag tarlú sa spás seo in Éirinn agus táimid sásta tacú lena leithéid agus é a spreagadh, go háirithe i Lár na Tíre, áit a bhfuil fostaíocht cruthaithe freisin ag go leor cuideachtaí a chuir an clár i







An tríú cohórt de rannpháirtithe i gclár Luasaire Glas Bhord na Móna

gcrích. Chomh maith leis sin, cabhraíonn an clár linn chun caidreamh a bhunú le cuideachtaí glasa, a d'oibrigh linn chun fadhbanna a réiteach agus chun próisis inár ngnó féin a fheabhsú."

Cheana féin, tá tairbhe bainte ag 25 fiontar atá bunaithe ar nuálaíocht agus atá ag díriú ar fhuinneamh in-athnuaite, laghdú carbóin, dramhaíl agus an geilleagar ciorclach, as an gclár. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó rannpháirtithe go dtí seo thar cionn.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Páraic O'Toole, POF Automsoft, "Chabhraigh an obair a rinneamar mar chuid den chlár Luasaire Glas linn díriú an athuair ar ár dtreo gnó agus é a bheachtú, rud ba chúis le gnó teicneolaíochta fuinnimh in-athnuaite nua a bhunú".

"Trí pháirt a ghlacadh sa chlár d'éirigh linn tairbhe a bhaint as saineolas, soiléire agus smaointeoireacht shoiléir i ndáil leis an bpróiseas, mar aon le rochtain a fháil ar shaineolaithe seachtracha a bhfuil cúlraí éagsúla acu. Ba é toradh na hoibre gur dhíríomar ar mhargadh a bhí ollmhór agus ag fás go tapa ina bhfuil seirbhís uathúil á cur ar fáil againn chun fadhb ghnó sheanbhunaithe a réiteach."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Mark Kirwan, POF Positive Carbon, "Bhí ról lárnach ag ár bpáirt i Luasaire Glas ar dhlús a chur le Positive Carbon trí rochtain a thabhairt ar chustaiméirí agus ar infheisteoirí poitéinsiúla, mar aon le tacaíocht straitéiseach shárluachmhar". "Bhí tionchar suntasach ag rannpháirtíocht sa chlár ar fhás agus ar fhorbairt Positive Carbon mar chuideachta."

Mar thoradh ar an rath a bhí ar an gclár, d'fhógair Bord na Móna infheistíocht luach €5 milliún i Luasaire Glas as seo go ceann trí bliana. D'fhéadfadh an infheistíocht sin a bheith mar bhonn le forbairt an chláir agus le cúrsaí níos spriocdhírithe a bheith á gcur ar fáil d'earnálacha sonracha.

Ach is í príomhaidhm Luasaire Glas Bhord na Móna cabhrú le cuideachtaí atá ar thús cadhnaíochta chomh fada is a bhaineann le forbairtí san earnáil aeráide agus inbhuanaitheachta chun cabhrú le geilleagar glas na hÉireann agus chun é a fhorbairt.

# Tagairtí
# Doiciméid

[1] http://datazone.birdlife.org/species/factsheet/common-cranegrus- grus/text

[2] Copland, A.S., Cullen, C., Ryan, T., Murphy, J.N., Doyle, S., Cregg, P. &. Kelly, S.B.A. (2022). Confirmed breeding of Common Crane Grus grus in Ireland in 2019 – 2021. Irish Birds 44: 99-103

[3] Doyle, S., Cullen ,C., Cullinan ,P., Hehir ,J., Murphy, J.N., McCorry ,M., Cahill ,S., McNicholas ,D., O' Sullivan ,J. (2023). First Breeding Success of Common Cranes Grus grus in Ireland since the sixteenth century. 8ú Comhdháil na hÉireann um Thaighde Éaneolaíoch: Book of Abstracts. Ar fáil ar líne ag: Https://www.ucc.ie/en/media/research/ornithology/ corc/CORC2023BookofAbstracts.pdf

[4] Minayeva, T. et al. (2017). Towards ecosystem-based restoration of peatland biodiversity. Mires and Peat, Imleabhar 19 (2017), Alt 01, 1–36, http://www.mires-and-peat.net

[5] Anderson, R., Farrell, C., Graf, M., Muller, F., Calvar, E., Frankard, P., Caporn, S., Anderson, P. (2017). An overview of the progress and challenges of peatland restoration in Western Europe. Restoration Ecology, Eagrán 2, Leathanach 271- 282

[6] https://www.gov.ie/en/publication/136a7-bord-na-mona bogrehabilitation- scheme/

[7] https://next-generation-eu.europa.eu/index_en

[8] https://www.gov.ie/en/publication/d4939-nationalrecovery- and-resilience-plan-2021/

Bord na Móna,
An Phríomhshráid, Droichead Nua,
Co. Chill Dara, W12 XR59

**T.** (045) 439000
**R.** info@bnm.ie
**G.** www.bnm.ie